
# Bileog 15.1

Seo thíos léarscáil d'Éirinn – tá an áit a bhfuil tú i do chónaí ann marcáilte. Líon na bearnaí sna habairtí thíos bunaithe ar an léarscáil (bain úsáid as an leagan ceart de *thuaidh, theas, thoir, thiar* sna bearnaí).




Tá mé i mo chónaí i lár na tíre i bPort Laoise. Tá mé ag dul ___________________ go Béal Feirste amárach mar tá cruinniú agam ansin. Beidh mé ag teacht ___________________ ar an traein an lá dar gcionn.

Tá mo dheartháir ina chónaí i bPort Láirge agus tá sé ag teacht ar cuairt an tseachtain seo chugainn. Beidh sé ag teacht ______________ ar an Luan agus ag filleadh ___________________ ar an Aoine.

Beidh mé ag dul siar go Gaillimh don deireadh seachtaine. Beidh mé ag dul ___________________ ar an Aoine agus ag teacht _________________ arís ar an Domhnach.

Tá mo dheirfiúr ag teacht ___________________ ó Shligeach ar feadh oíche amháin sula dtéann sí ___________________ ar cuairt chuig mo dheartháir i bPort Láirge.


Téim ___________________ go Baile Átha Cliath go rialta.

Anois cloisfidh tú na habairtí ar an téip – an raibh an ceart agat?

© Ollscoil Mhá Nuad

## Bileog 15.2

1. Tá seachtain saoire agat agus beidh tú ag tiomáint ar fud na tíre. Breac síos 5 áit a dtabharfaidh tú cuairt orthu ar an léarscáil seo thíos.




2. Tá léarscáil ag an duine in aice leat chomh maith. Cuirigí an cheist seo ar a chéile:

Cá háit a bhfuil tú ag dul an tseachtain seo?

3. Breac síos ar do léarscáil féin na háiteanna a bhfuil an duine in aice leat ag dul.

4. Anois scríobh cuntas gairid faoin tseachtain atá socraithe aige/aici agus bain úsáid as na treonna atá foghlamtha agat sa chuntas.

‘Tá _____________ ag dul ó dheas go Corcaigh’



Éist le Clár anois ag labhairt faoin tsaoire ghnóthach a bheidh aici. Cad iad na háiteanna a dtabharfaidh sí cuairt orthu? Tosaigh gach abairt le ‘tá sí ag dul…’

© Ollscoil Mhá Nuad

## Bileog 15.3

Féach féin agus an duine in aice leat ar na freagraí ar an gceist seo thíos agus déanaigí plé le chéile ar conas a chuirtear an aimsir fháistineach in iúl iontu:

An bhfuil aon rud beartaithe agat don oíche anocht?

- Tá mé ag dul chuig cóisir!
- Rachaidh mé go dtí an linn snámha, sílim.
- Má bhíonn an aimsir go maith rachaidh mé ag siúl.



Déanaigí liosta de na hócáidí is tábhachtaí agus is coitianta sa bhliain:

An Nollaig…

Bunaithe ar na nithe a scríobh tú sa chiorcal thuas, siúil timpeall an ranga agus cuir an cheist seo ar gach duine sa rang:

An bhfuil aon rud socraithe/beartaithe agat don . . . ?

Féach ar na rudaí ar fad atá beartaithe ag Homer Simpson a dhéanamh. Cum féin agus an duine in aice leat abairtí ar nós na habairte thíos le chéile:

Tá sé beartaithe ag Homer dul ag rith má bhíonn sé ábalta.



**Scríobh cuntas gairid ar na pleananna atá agat do laethanta saoire na bliana seo.**

© Ollscoil Mhá Nuad


## Bileog 15.4 Duine A

1. Seo thíos na laethanta saoire atá socraithe agatsa. Tá saoire dhifriúil ag an duine in aice leat – beidh sibh ag cur ceisteanna ar a chéile ar ball. Caith cúpla nóiméad ag déanamh cinnte gur féidir leat cur síos ceart cruinn a dhéanamh ar gach pictiúr ar dtús.









Stór focal úsáideach:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ar cíos | caisleáin | reiligí | séadchomharthaí | stairiúla |
| siúlóidí sléibhe | | margaí | togha fíona | bia Iodálach |

2. Anois cuir na ceisteanna thíos ar an duine in aice leat agus breac síos aon eolas a fhaigheann tú. Beidh an duine sin ag cur ceisteanna ortsa chomh maith agus caithfidh tusa eolas a chur ar fáil faoi do shaoire féin.

(a) An bhfuil aon rud socraithe agat don samhradh?
(b) Cé a bheidh leat?
(c) Cén áit a bhfanfaidh sibh?
(d) Cad a dhéanfaidh tú ann?
(e) An bhfuil tú ag súil leis?

© Ollscoil Mhá Nuad

## Bileog 15.4 Duine B

1. Seo thíos na laethanta saoire atá socraithe agatsa. Tá saoire dhifriúil ag an duine in aice leat – beidh sibh ag cur ceisteanna ar a chéile ar ball. Caith cúpla nóiméad ag déanamh cinnte gur féidir leat cur síos ceart cruinn a dhéanamh ar gach pictiúr ar dtús.











| Stór focal úsáideach: | | | |
|---|---|---|---|
| ar cíos | saoire shuaimhneach | farraige | lochanna |
| sléibhte | seoltóireacht | iascaireacht | iompar poiblí |
| bia Sualannach | | | |

2. Anois cuir na ceisteanna thíos ar an duine in aice leat agus breac síos aon eolas a fhaigheann tú. Beidh an duine sin ag cur ceisteanna ortsa chomh maith agus caithfidh tusa eolas a chur ar fáil faoi do shaoire féin.

(a) An bhfuil aon rud socraithe agat don samhradh?
(b) Cé a bheidh leat?
(c) Cén áit a bhfanfaidh sibh?
(d) Cad a dhéanfaidh tú ann?
(e) An bhfuil tú ag súil leis?

© Ollscoil Mhá Nuad

# Bileog 15.5

Féach ar an chomhrá seo thíos – beidh tú ag bunú comhráite de do chuid féin air ar ball.

- An rachaimid go dtí an phictiúrlann anocht?
- Níl aon scannán maith ar siúl, cad faoi scannán a fháil ar cíos?
- Sin smaoineamh maith.

Anois, bunaithe ar an méid thuas, cuir ceist ar gach duine sa rang na rudaí éagsúla sna pictiúir a dhéanamh leat. Bí cinnte go ndéanann sibh socrú má tá sibh sásta dul le chéile agus go mbíonn cúis mhaith agaibh mura féidir libh glacadh leis an gcuireadh.




Féach ar na frásaí seo sa bhosca le cuidiú libh.

Cad chuige nach rachaimid?/B'fhéidir ach . .
Níl a fhios agam an bhfuil mé saor.
Níl fonn orm . . ./Má bhíonn an t-am agam.
Fan go bhfeicfimid . . .
Cinnte!/Ní dóigh liom gur féidir liom.
Tá súil agam go mbeidh. . ./Sin smaoineamh maith.
Ba bhreá liom ach. . ./Go hiontach! Imeoidh muid.

Beidh tú ag éisteacht le daoine ar an téip ag déanamh socruithe. Éist leo agus breac síos (i) an chéad mholadh (ii) an chúis nach féidir dul (iii) an socrú deireanach.

| | An chéad mholadh | Cúis nach féidir dul | An socrú deireanach |
|---|---|---|---|
| Comhrá 1 | | | |
| Comhrá 2 | | | |
| Comhrá 3 | | | |
| Comhrá 4 | | | |

Cé mhéad frása a chuala sibh a chuir leithscéal in iúl?

© Ollscoil Mhá Nuad

## Bileog 15.6

Beidh tú féin agus an duine in aice leat ag léamh sleachta as alt faoi Peter Quinn as an chomhlacht Quinn Brothers ar ball. Ar dtús pléigí aon eolas atá agaibh roimh ré faoin bhfear seo agus tugaigí buille faoi thuairim faoi ábhar an ailt. Ansin déanaigí iarracht na focail Ghaeilge ar chlé a cheangal leis na focail Bhéarla ar dheis.

| | |
|---|---|
| 1. éachtaí | a. chapter |
| 2. an-rath | b. independence |
| 3. neamhspleáchas | c. context |
| 4. an todhchaí | d. played |
| 5. fosta | e. also |
| 6. dul ar scor | f. much success |
| 7. comhthéacs | g. close relationship |
| 8. caibidil | h. achievements |
| 9. a bhéarfar | i. that will be born |
| 10. dlúthchaidreamh | j. shaping |
| 11. imeartha | k. the future |
| 12. múnlú | l. to retire |



Scríobh féin agus an duine in aice leat liosta de na briathra neamhrialta. Ansin leanaigí an sampla seo le gach ceann:
***Abair*** *– an ndéarfaidh tú? Déarfaidh. Ní déarfaidh.*

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **h** | | | | | | | | | | | |

Nuair a bheidh an t-alt léite agat pléigh na ceisteanna seo thíos leis an duine in aice leat:



1. An gceapann tú gur féidir le duine a bheith ina dhuine iontach gnó agus ina thuismitheoir iontach chomh maith?
2. Ar mhaith leat bheith an-saibhir lá breá éigin?
3. Má bhíonn tú an-ghnóthach le do chuid oibre i mbliana an mbeidh tú sásta?



**Mura gcuirfidh tú san Earrach ní bhainfidh tú san Fhómhar' – cad is brí leis an seanfhocal seo? Cé chomh tábhachtach is atá sé do staidéar féin a dhéanamh ar an Ghaeilge idir na ranganna? Pléigh.**

© Ollscoil Mhá Nuad

## Bileog 15.7

Nuair atá an réamhobair ar Bhileog 15.6 déanta beidh tú ag léamh an ailt. Agus tú á léamh déan iarracht an fhoirm cheart de na briathra thíos a scríobh sna spásanna san alt. Bí cúramach mar tá gach aimsir i gceist! Nuair atá tú críochnaithe labhair leis an duine in aice leat le feiceáil an raibh na freagraí céanna agaibh.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 1.Tá | 2.Labhair | 3.Bí | 4.Lean | 5.Bí |
| 6.Tá | 7.Tá | 8.Bí | 9.Déan | 10.Meas |

***Peter Quinn*** *Le Caoimhe Ní Laighin*

*Is duine é Peter Quinn a bhfuil go leor éachtaí déanta aige ina shaol. Le cois an-rath a bheith air mar fhear gnó le fada anois, bhí baint lárnach aige le forbairt Pháirc an Chrócaigh do Chumann Lúthchleas Gael, 1.________ sé mar bhall de Choimisiún na bParáidí, agus ceapadh é ag tús mhí an Aibreáin i mbliana mar an chéad chathaoirleach ar TG4 tar éis don stáisiún neamhspleáchas a bhaint amach ó RTÉ. 2. ________ sé go hoscailte le* ***Caoimhe Ní Laighin*** *faoina óige agus faoina shaol sa spórt, sna meáin chumarsáide agus sa ghnó.*

### An todhchaí

Is léir gur fear gnóthach é Peter Quinn agus gur fear é fosta nach 3. ________ sásta go deo dul ar scor. Gach seans go 4. ________ sé ar aghaidh ag obair i gcomhthéacs amháin nó i gcomhthéacs eile go dtí go mbeidh sé anonn go maith i mblianta.

Faoi láthair, is iad na himeachtaí is mó atá ag teacht chun cinn ina shaol ná pósadh a chuid mac an bhliain seo chugainn. 5. ________ beirt acu ag pósadh agus tá sé ag súil go mór leis an gcaibidil nua seo ina shaol. Tá sé ag súil fosta leis na garpháistí a bhéarfar amach anseo.

Tá cúigear clainne ag Peter – na mic a 6. ________ ag pósadh an bhliain seo chugainn agus triúr cailíní – agus tá baint acu uilig le cúrsaí gnó. Is léir 7. ________ dlúthchaidreamh ag Peter lena theaghlach go léir, ní hamháin lena pháistí ach lena dheartháir agus a dheirfiúracha fosta. Deir sé go 8. ________ sé ag obair "ar son an teaghlaigh anois – sin an rud is tábhachtaí dom. Chuile rud a dhéanaim, 9. ________ ar a son é."

Tá Peter an-dóchasach, ní hamháin maidir le todhchaí a theaghlaigh ach maidir le todhchaí an Tuaiscirt chomh maith. 10. ________ gur féidir leis seasamh siar agus bheith bródúil as an bpáirt atá imeartha aige féin i múnlú na todhchaí sin.

© Ollscoil Mhá Nuad

## Bileog 15.8

1. Beidh beirt agaibh ag obair le chéile ag iarraidh garanna ar a chéile. Tabharfaidh an múinteoir clúdach litreach do gach beirt - sa chlúdach litreach beidh píosaí páipéir le focail mar seo scríofa orthu:

   . . .an nuachtán sa siopa, le do thoil.

2. Tógfaidh duine A cárta amháin as an chlúdach agus beidh air/uirthi an gar a iarraidh ar an duine eile leis an aimsir fháistineach a úsáid - mar shampla:

   An gceannóidh tú an nuachtán dom sa siopa, le do thoil?

3. Tabharfaidh Duine B an freagra diúltach agus dearfach ar an cheist ansin - mar shampla:

   Duine B: Ceannóidh cinnte! Cén ceann ba mhaith leat?
   **nó**
   Ní cheannóidh! Ní bheidh go leor airgid agam.

4. Má tá an dá fhreagra cruinn ceart ag duine B is féidir leis/léi an cárta a choinneáil. Is fiú pointe amháin gach cárta.

5. Tógfaidh duine B cárta as an chlúdach litreach ansin agus caithfidh sé/sí gar a iarraidh ar dhuine A. Caithfidh duine A freagra diúltach agus dearfach a thabhairt ansin – féach ar an sampla thuas.

6. Beidh an bua ag an duine leis an mhéid is mó cártaí.

---

Ag obair leis an duine in aice leat féachaigí ar an phictiúr thíos agus smaoinígí ar na comhráite éagsúla is féidir a bheith ann faoin bpictiúr!



Cad iad na bealaí éagsúla atá ann le garanna a iarraidh ar dhaoine? Smaoinigh ar ghar a iarraidh ar na daoine seo a leanas:

1. Do mhúinteoir.
2. Do mhac óg.
3. Duine eile sa rang.

© Ollscoil Mhá Nuad

## Bileog 15.9

Don mhúinteoir!

| | | | |
|---|---|---|---|
| . . .an nuachtán sa siopa. | . . .an dinnéar anocht. | . . .an aiste sin dom. | . . .cúpla rud san ollmhargadh. |
| . . .go dtí an banc. | . . .deoch don duine sin. | . . .madra amach sa ghairdín | . . .le haghaidh béile anocht. |
| . . .an litir thábhachtach sin. | . . .an coinne ar ceal. Tá mé tinn. | . . .ar Mháire. Tá sí mall. | . . .d'obair bhaile, le do thoil. |
| . . .síos an ceol, le do thoil. | . . .an chistin sula n-íosfaidh muid. | . . .an crúiscín le huisce le do thoil. | . . .gar dom. |
| . . .go Gaillimh anocht. | . . .na torthaí sa bhruscar. | . . .as na toitíní lá éigin. | . . .do Sheán nach mbeidh mé ann. |
| . . .go dtí na siopaí i lár an bhaile. | . . .arán abhaile ón bháicéir. | . . .peitreal sa charr. | . . .abhaile luath tráthnóna. |

© Ollscoil Mhá Nuad